




Wednesday
Sámh

Tuesday • Dé
Sámh

Thursday • Dé
Sámh B

Friday • Dé Luain

Luan	Máirt	Céadaoin	Déardaoin	Aoine
	Amhrán – Smaoinigh ar uisce Brat glas Sa chlós 9.am		Lá Spóirt Abhaile - 1.30 (Níl Feadóg Stáin) 	
Turas Scoile 9 – 2.30 	Amhrán – Áine na hOifige Slán Áine sa halla Feadóg Stáin 2.30-3.15	Snámh 2:30 – 3:15pm		Slán Leath Lá – 12 

Parent's signature

Parent's signature
Mam

Parent's signature

Parent/Teacher

Friday •

Thursday •
Sámh

Dialann: Ag déanamh socruithe

Treoracha agus moltaí

Seo rólghníomhaíocht is féidir a úsáid mar shaorchleachtadh nuair atá feidhmeanna teanga a bhaineann le déanamh socruithe curtha i láthair na bhfoghlaimoirí ('An oireann?', 'Oireann'/'ní oireann'; 'An oirfeadh?', 'D'oirfeadh'/'ní oirfeadh' etc.).

Treoracha

- Scaip cóip den dialann ar gach foghlaimoir sa rang. Míneigh gur dialann í seo a bhí i leabhar obair bhaile leanbh i Rang 1.
- Cuir na foghlaimoirí ag obair i bpéirí. Tabhair 'Sceideal Tuismitheoir A' don chéad duine agus 'Sceideal Tuismitheoir B' don dara duine. Caithfidh siad a sceideal féin a léamh agus ansin labhairt agus plé le chéile chun na socruithe cuí a dhéanamh. Míneigh an treoir thíos dóibh sula dtosaíonn siad ar an bplé.

Treoir don tasc:

Tá cóip agat de dhialann atá ag d'iníon Aoife ina bhfuil cuntas ar na rudaí ar fad a bheidh ag tarlú sa scoil an tseachtain seo chugainn. Ba mhaith léi go mbeifeá féin nó do pháirtí i láthair ag gach ócáid agus caithfidh sibh a bheith in ann í a thabhairt ar scoil agus í a bhailiú ón scoil chomh maith. Ach tá saol gnóthach agaibhse chomh maith! Tá na rudaí atá ar siúl agatsa leagtha amach i do dhialann. Labhair agus pléigh le do pháirtí – caithfidh sibh a oibriú amach cé atá saor le bheith le hAoife gach maidin agus tráthnóna agus ag gach ceann d'ócáidí na scoile.

Ceisteanna samplacha:

An oireann maidin Déardaoin duit? Oireann / ní oireann

An oirfeadh X duit? Ní oirfeadh / D'oirfeadh

Cad mar geall ar mhaidin Déardaoin?

An mbeifeá saor ag a deich Dé Luain?

Dialann: Tuismitheoir A

Dé Luain	<u>Ag obair sa bháile ó 8.30 a.m. go dtí 1.45 p.m.</u>
Dé Máirt	<u>Coinne fíaclóra ag 8.45 a.m.</u> <u>Cruinniú san obair 2.00 p.m. - 4.00 p.m.</u>
Dé Céadaoin	<u>Leathlá san obair. Críochnaithe ag 1.30 p.m.</u>
Déardaoin	<u>Lón speisialta san obair - an bainisteoir ag éirí as. 1.00 p.m. - 3.00 p.m.</u>
Dé hAoine	<u>Ag obair déanach go dtí 7.00 p.m.</u>

Dialann: Tuismitheoir B

Dé Luain	<u>Saor ar maidin ach coinne dochtúra 2.30 p.m.</u>
Dé Máirt	<u>Obair ag 10.00 a.m. Críochnaithe ag 1.30 p.m.</u>
Dé Céadaoin	<u>Ag tabhairt Páiste 2 chuig coinne le teiripeoir urlabhra ag 2.45 p.m.</u>
Déardaoin	<u>Sa bháile an lá ar fad ach rang ceoil ag Páiste 3 ag 3.30 p.m.</u>
Dé hAoine	<u>Sa bháile. Páiste 2 le bailiú ón naíonra ag 12 p.m.</u>